# gaelscoil na gcloch líath

Nuachtlitir - Mí Eanáir 2022

## Bosca Leabharlainne & Ealaíontóir Chónaithe le bronnadh orainn

## *Library Box and Artist in Residence to be awarded to our school*

I 2020, fógraíodh gurb í Áine Ní Ghlinn an séú Laureate na nÓg. Is file agus údar do pháistí í Áine. Tá sé leabhar is fiche scríofa aici do pháistí, roinnt acu a bheadh léite ag cuid de na páistí anseo ar scoil. Tá sé mar uaillmhian aici le linn a tréimhse mar Laureate údair agus leabhair Ghaeilge a chur ar a súile don saol mór, agus páistí agus daoine óga a spreagadh chun scíthléitheoireacht a dhéanamh as Gaeilge. Is é An Bosca Leabharlainne príomhthogra Áine dá téarma.

Tá an-áthas orainn go bhfuil ceann de na boscaí seo á mbronnadh aici ar ár scoil. Ní hamháin sin, roghnaíodh sinn chun páirt a ghlacadh sa scéim Ealaíontóir Chónaithe sna scoileanna. Táimid ar cheann de 20 scoil a roghnaíodh as 600 iarratas chuige seo. Tá ríméad orainn a chloisteáil cé a bheidh fógartha mar ealaíontóir don scéim seo. Táimid ag súil go mór lena bheith ag obair le healaíontóir is maisitheoir leabhair. Cuideoidh na scéimeanna seo linn an scíthléitheoireacht Ghaeilge a spreagadh is a chothú i measc na bpáistí.

*In 2020, Irish language author **Áine Ní Ghlinn** was announced as the sixth Laureate na nÓg (Ireland's Children's Literature Laureate). Áine is a children's writer and poet. She has written twenty-six books for children, some of which the children will have read here at school. Her ambition as Laureate is to lift the cloak of invisibility from Irish language authors and books, and to encourage children and young people to read for pleasure as Gaeilge. The "Bosca Leabharlainne" (Library Box) is her main initiative for her term as Laureate na nÓg.*

*We are delighted that our school has been chosen to receive on of these Bosca Labharlainne. Not only that, we have also been chosen to participate in an additional scheme; Artist in Residence in schools. We are one of 20 schools chosen from 600 applications for this. We cannot wait to hear who our artist and book illustrator will be. These schemes will certainly encourage the children to read as Gaeilge for pleasure.*



## Blaiseadh beag de shaothar Áine atá againn ar scoil





## Bord Bainistíochta

**Ag cruinniú deireanach de chuid an Bhoird Bainistíochta pléadh na nithe seo a leanas:**

- Iontráil na Naíonán Beaga nua.
- Cúrsaí airgeadais na scoile.
- Nósanna Cóibhid na scoile; scoileanna le leanacht leis an bPlean Freagartha go fóill.
- Plean curaclaim Bhéarla na scoile.
- Dea-scéalta ar nós ealaíontóir chónaithe, ceachtanna Spáinnise.

**At the most recent Board of Management meeting the following items were discussed:**

- *Enrolment of the new Junior Infants.*
- School Finances.
- Covid procedures; schools are to continue with their Covid Response Plans.
- School curriculum Plean Béarla.
- School achievements such as the Artist in Residence and the Spanish Lessons.

# Tús le Ceachtanna Spáinnise ar Scoil!
# *Spanish Lessons Begin at School!*



Tá áthas orainn gur roghnaíodh ár scoil chun páirt a ghlacadh i scéim de chuid Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann ina múintear an tríú teanga sa bhunscoil. B'í an Spáinnis a roghnaíomar inár n-iarratas. Tá teagascóir earcaithe againn, agus tá taithí aic ar an Spáinnis a mhúineadh i mbunscoileanna cheana. Múinfear na ceachtanna Spáinnise i rith an lae scoile, ag tosú Dé Máirt seo chugainn, agus mairfidh siad ar feadh 6 seachtaine. Beidh daltaí ó Rang 5 agus Rang 6 páirteach sa scéim seo.




*We are delighted that our school has been chosen to participate in the Post-Primary Languages Ireland (PPLI) initiative for primary schools, in which a third language is taught. Our chosen language on our application was Spanish. We have recruited our Spanish tutor, who has experience delivering lessons in other primary school settings also. The lessons will be delivered during the school day, starting next Tuesday, and running for a six week period. All our pupils from Rang 5 and Rang 6 will be participating.*

## Dátaí don Dialann

### Saoire Lá le Pádraig

Beidh an scoil dúnta ar an 17 & 18 Márta. Bhí muid le bheith dúnta ar an 18 sula fógraíodh an lá mar lá Saoire Poiblí . Fanfaimid ar threoir ón Roinn Oideachais maidir le féilirí scoile a athrú dá bharr. Go dtí sin, fanfaidh ár bhféilire mar atá.

*The school will be closed on March 17 & 18. We were due to be closed on Friday 18 before it was announced as a Public Holiday. We await guidance from the Dept. of Education as to whether schools should adjust their calendars. Until we receive clarity, the calendar will remain as is.*

### Na Sacraimintí *The Sacraments*

Céad Fhaoistin / *First Confessions 7pm 22/3/22*
Céad Chomaoineach / *First Holy Communion 12noon 22/5/22*
Cóineartú / *Confirmation 12 noon 14/5/22*

Bíonn cuid de na hullmhúcháin á ndéanamh ag an bparóiste taobh amuigh d'am scoile anois. Má tá ceist ar bith faoi chlárú nó cruinnithe téigh i dteagmháil leis an bparóiste ag sacramentalceremonies@gkpastoralarea.ie

*Much of the preparations take place with the parish outside of school now. If you have any questions regarding registration or meetings please contact the parish office at sacramentalceremonies@gkpastoralarea.ie*

### Scagadh FSS le Naí.Bheaga *HSE Screening with Junior Infants*

Beidh scagadh an FSS (súile & cluasa) ar siúl sa scoil roimh Lá le Pádraig. Más rud é nár deineadh an scagadh le do pháiste de bharr Cóibhid, bogadh tí, srl, tar i dteagmháil linn chun foirm cheada an FSS a fháil.

*The HSE will be here just before St. Patrick's Day to do screening (eyes & ears). If your child has missed this due to Covid, moving house, etc., please contact us for a HSE consent form.*



**Coiste na dTuismitheoirí**

Leanann an Lató Scoile gach seachtain. Ná dearmad go mbíonn tarraingt seachtainiúil fiú le linn laethanta saoire na scoile. Comhghairdeas lenár mbuaiteoirí ar fad, agus gabhaimid buíochas le gach éinne a bhfuil líne ceannaithe agaibh. Gabhaimid buíochas libh as tacú lenár mbailiúchán éadaí roimh na Nollag chomh maith.

*Our School Lotto continues each week, and don't forget that the weekly draw continues even during school holidays. Congratulations to all our winners, and thank to everyone who has purchased lines. Thank you also to everyone who contributed to our clothes collection before Christmas.*





## Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa scoil

Tá ag éirí go hiontach le ceoltóirí de gach aois agus iad i mbun ceachtanna ar réimse leathan uirlisí le CCÉ Bhré. Bíonn na ceachtanna ar siúl i seomraí atá le spáráil againn sa scoil istoíche gach Déardaoin. Beidh an téarma nua ag tosú ar an 3 Márta le líon teoranta spásanna fágtha.



*Emerging musicians of every age are making great progress in their lessons on a wide range of instruments with CCÉ Bray. The lessons take place in spare rooms in the school on Thursday evenings. The new term begins on 3 March, with very limited spaces available.*















